Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0396(COD)**

**16706/23**
**COR 2**

**ENV 1487**
**MI 1125**
**ENT 270**
**IND 687**
**CONSOM 484**
**COMPET 1268**
**AGRI 820**
**FOOD 98**
**CODEC 2481**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16050/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15581/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE<br>– Cur chuige ginearálta |

Déantar na ceartúcháin bhreise seo a leanas ar an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann le **16706/23**

**INIT:**

1. Léitear aithris 40 mar a leanas:

'(40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus go ndéanfar ag an am céanna a cumas na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích agus an **in-athchúrsáilteacht a cheadú**. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo giniúint pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú a thuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:200[...]**4**[1] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. **Mar sin féin, go dtí go mbeidh caighdeán comhchuibhithe nua nó nuashonraithe ar fáil, is féidir an caighdeán atá ann cheana, EN 13428:200[...]4, a úsáid.** Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar, ina n-aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor cheart dó sin dochar a dhéanamh do shonraíochtaí táirge le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus le haghaidh táirgí bia agus talmhaíochta **a bhfuil pacáistíocht orthu** [...] atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim um chosaint tásc geografach an Aontais, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint [...] **<u>lena n-áirítear</u> [...] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le fíon, [...] Rialachán (AE) 2019/787 maidir le deochanna biotáilleacha, <u>nó a chumhdaítear le scéimeanna cáilíochta dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.</u> Níor cheart dó dochar a dhéanamh ach oiread do dhearadh pacáistíochta [...]<u>atá á chosaint faoi reachtaíocht an Aontais nó faoi reachtaíocht na mBallstát maidir le trádmharcanna</u> [...] <u>[...]</u> ná faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil éifeacht acu i gceann de na Ballstáit<u>. Níl údar leis an eisceacht seo ach amháin a mhéid a bheidh tionchar ag na</u>**

1 Pacáistíocht – Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

**rialacha nua maidir le híoslaghdú pacáistíochta ar chruth na pacáistíochta ar chaoi nach bhféadfar leis an trádmharc idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh idir an t-earra atá marcáilte agus an earraí de chuid gnóthas eile, agus nach bhféadfaidh an dearadh a shaintréithe nua agus aonair a choinneáil a thuilleadh. Chun an baol mí-úsáide a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag an díolúine ach amháin maidir le cearta trádmhairc agus deartha a bhí á gcosaint roimh [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].** Ar an taobh eile, féadfaidh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú.'

2. Ba cheart Airteagal 9, mír 2 a léamh mar a leanas:

'2. **Áiritheoidh an monaróir nó an t-allmhaireoir nach ndéanfar** an phacáistíocht [...]**nach** gcomhlíonann **[...]** na critéir feidhmiúcháin [...] a leagtar amach in Iarscríbhinn IV; [...] **ná** pacáistíocht a bhfuil saintréithe aici nach bhfuil d'aidhm acu ach toirt bhraite an táirge a mhéadú, lena n-áirítear ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, [...] a chur ar an margadh, mura rud é go bhfuil an dearadh pacáistíochta [...]**á chosaint le dearadh Comhphobail faoi Rialachán (CE) 6/2002 ón gComhairle, le cearta deartha a thagann faoi raon feidhme Threoir 98/71/CE**, [..] **lena n-áirítear comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil éifeacht acu i gceann de na Ballstáit, nó gur trádmharc é a chruth a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/1001, nó faoi Threoir (AE) 2015/2436, lena n-áirítear trádmharcanna arna gclárú faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil éifeacht acu i gceann de na Ballstáit,** nó go mbaineann an táirge nó an deoch atá pacáistithe le tásca geografacha [...] a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais, **lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le fíon, agus Rialachán (AE) 2019/787 maidir le deochanna biotáilleacha, nó a chumhdaítear le scéimeanna cáilíochta mar a thagraítear dóibh i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.**

**Níl feidhm ag an díolúine san fhomhír thuas ach amháin maidir le cearta deartha agus trádmharcanna a bhí á gcosaint faoin [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], nó i gcás ina ndéanann cur i bhfeidhm na gceanglas faoin Airteagal seo difear don mhéid seo a leanas (i) dearadh na pacáistíochta ar bhealach a athraíonn an úrnuacht nó a carachtar aonair atá ag baint leis, nó (ii) an trádmharc ar bhealach nach bhféadfar leis an trádmharc idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh idir an t-earra atá marcáilte agus earraí de chuid gnóthas eile.'**

3. Ba cheart Airteagal 26, mír 15 a léamh mar a leanas:

'15. [...] Beidh **dáileoirí deiridh** díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna i míreanna 2 go [...]**4** a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 m² acu [...] **nó má tá an limistéar díolacháin suite ar oileán ar a bhfuil níos lú ná 2000 áitritheoir**.

**I gcás ina bhfuil níos mó ná limistéar díolacháin amháin ag an dáileoir deiridh, agus nach bhfuil ach limistéar amháin nó cuid de na limistéir sin lonnaithe ar oileán den sórt sin, ní dhéanfar na deochanna agus na táirgí ábhartha a chuirtear ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit sa limistéar díolacháin sin a ríomh chun na spriocanna faoi mhír 2 go mír 4 a chomhlíonadh.**'

4. Ba cheart mír 15ab nua a chur isteach i ndiaidh Airteagal 26, mír 15aa:

'**15ab. Faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45, féadfaidh na Ballstáit spriocanna a leagan síos do dháileoirí deiridh a bhfuil limistéar díolacháin acu atá suite ar oileán ar a bhfuil níos lú ná 2000 áitritheoir, lena gcumhdaítear deochanna agus táirgí a thagann faoi mhíreanna 2 go 4 den Airteagal seo a mhéid atá na spriocanna breise sin riachtanach chun go mbainfeadh an Ballstát ceann amháin nó níos mó de na spriocanna atá in Airteagal 38**.'

5. Ba cheart Airteagal 44, mír 2 a léamh mar a leanas:

'2. **Chun na spriocanna dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbunófar córais aisíoca éarlaise le haghaidh na bhformáidí pacáistíochta ábhartha dá dtagraítear i mír 1 <u>agus chun a áirithiú go gcaithfear éarlais a mhuirearú ag an díolphointe.</u> <u>I[...] gcás tomhaltais in áitreabh fáilteachais, ar choinníoll go n-osclaítear an phacáistíocht ar a bhfuil an éarlais, go dtomhaltar an táirge, agus go ndéantar an phacáistíocht fholamh lena ngabhann an éarlais a thabhairt ar ais laistigh den áitreabh, féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a díolmhú ón gceanglas éarlais a mhuirearú.</u>**

**<u>An oibleagáid a leagtar amach sa chéad abairt den chéad fhomhír [...], níl feidhm aici maidir leis an méid seo a leanas:</u>**

(a) fíon, táirgí fíona cumhraithe, **fíon torthaí** agus deochanna biotáilleacha;

(b) bainne agus táirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 1308/2013.

**Féadfaidh na Ballstáit buidéil dí phlaisteacha aon úsáide agus coimeádáin dí miotail aon úsáide ag a bhfuil toilleadh níos ísle ná 0,1 lítear a dhíolmhú ó rannpháirtíocht sna córais éarlaise agus aisíoca, i gcás nach bhfuil rannpháirtíocht den sórt sin indéanta go teicniúil.'**

6. Scriostar Iarscríbhinn X, pointe (da).

---